Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2013
Gaeilge: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
Triail chluastuisceana

Tá trí chuid sa triail seo: Cuid A, Cuid B agus Cuid C.

Cuid A

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

An chéad chainteoir

Cén chaoi bhfuil sibh? Fiachra Standún ag caint libh. Rugadh mé i mBéal an Átha i gCo. Mhaigh Eo. Is páiste aonair mé. Siúnéir is ea mo dhaid agus is rúnaí scoile í mo mham. Is í an bhádóireacht an caitheamh aimsire is fearr liom. Tá bád seoil ag mo thuismitheoirí. 'An Ghaoth Aneas' an tainm atá uirthi.

An dara cainteoir

Goidé mar atá achan duine? Bríd Nic Aodha ag labhairt libh. Is as Béal Feirste domsa. Tá deirfiúr amháin agam. Máire is ainm di. Tá sí dhá bhliain níos óige ná mise. Bhí mé féin agus mo chara Siobhán sa phictiúrlann an Sathairn seo caite. Chonaic muid an scannán 'The Hobbit'. Is dócha liom go bhfuil an t-aisteoir Martin Freeman ar fheabhas ann.

Cuid B

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

Fógra

Fógra anseo ón nGarda Síochána. Is lá saoire bainc é an Luain seo chugainn, agus mar sin beidh trácht trom ar na bóithre tráthnóna. Iarrtar ar thiománaithe aird a thabhairt ar rialacha an bhóthair. Beidh ceamaraí luais á núsáid ar fud na tire.

Píosa nuachta

I mí Mheán Fómhair seo caite, thug Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, cuairt ar 'The Emerald Grounds' i Londain. Ceanncheathrú Chumann Lúthchleas Gael in Ruislip, Londain is ea 'The Emerald Grounds'. Bhí a bhean chéile, Sabina, in éineacht leis an Uachtarán ar an turas.

Cuid C

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

Comhrá a haon

Niamh: Haigh, a Aoife. Niamh anseo.

Aoife: Dia duit, a Niamh. Aon scéal agat?

Niamh: Ar chuala tú cad a tharla dom ar scoil inniu?

Aoife: Níor chuala, muis, ach chonaic mé lasmuigh de oifig an phríomhoide tú. Inis dom, munar miste leat.

SOS

Niamh: Táim go mór trí chéile mar ghoid duine éigin mo iPhone nua.

Aoife: Ó a thiarcais, cad a tharla?

Niamh: Níl cead agam é a rá leat. Tá an scéal á fhiosrú ag na gardaí.

Aoife: Ná bí buartha faoi, a thaisce.

Niamh: Ar d'fhocal, a Aoife, ná habair tada faoi seo le héinne eile.

Aoife: Tugaim m'fhocal duit. Ní osclóidh mé mo bhéal faoi.

Comhrá a dó

Brian: An é sin Seosamh? Brian anseo.

Seosamh: Is mé, a Bhriain. Shíl mé go raibh tusa ar do leaba leis an bhfliú.

Brian: Bhí mé, a Sheosaimh, ach tá biseach orm anois.

Seosamh: Cháill tú oíche mhór sa chlub aréir.

Brian: Ar cháill mé? Céard a tharla?

SOS

Seosamh: Bronnadh na boinn orainn a bhuamar anuraidh.

Brian: Cé a rinne an bronnadh?

Seosamh: Jim McGuinness as Dún na nGall

Brian: An raibh ceol ann freisin?

Seosamh: Bhí, a Bhriain. Bhí 'Rory and the Island' ann, agus chan siad an t-amhrán 'Jimmy's Winning Matches'.

Brian: Is mór an trua é, a Sheosaimh, nach raibh mé ann.

Sin deireadh na trialach. Slán.